

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers

A Mhúinteoirí an Staidéir Ghnó,

Fáilte romhaibh chuig an gcéad eagrán de nuachtlitir an Staidéir Ghnó a bheidh muid a eisiúint ar bhonn rialta as seo amach. Tá súil againn go mbeidh an t-eolas tairbheach daoibh agus sibh ag obair le Sonraíocht nua an Staidéir Ghnó agus bheadh muid buíoch dá roinneadh sibh an nuachtlitir seo le bhur gcomhghleacaithe.

Soiléiriú maidir le Measúnú Rangbhunaithe (MRB) a hAon

Is grúphtionscadal é an chéad MRB sa Staidéir Gnó ar a dtugtar ‘Gnó á chur i nGníomh’. Éilíonn sé ar scoláirí comhoibriú i ngrúpaí de thriúr go cúigear chun tionscadal a fhorbairt i gceann de thrí réimse, Fiontraíocht á cur i nGníomh, Airgeadas á chur i nGníomh nó Eacnamaíocht á cur i nGníomh.

Ag eascairt as iarratais ar shoiléireacht tá uasdátú déanta ar na [Treoirínte Measúnaithe](#). Beidh ar scoláirí **taighde aonair** a dhéanamh don ghrúphtionscadal mar atá leagtha amach ar leathanach 12 de na treoirínte. Tá **teimpléad do thaighde an scoláire** curtha ar fáil mar aguisín 1 sna treoirínte ar leathanach 29. Is féidir an teimpléad seo a úsáid chun scoláirí a threorú agus iad ag tabhairt faoin taighde don ghrúphtionscadal. Nuair a bhíonn a gcuid taighde féin déanta acu, roinnfidh siad ansin a dtorthaí leis an ngrúpa. Déanfaidh an grúpa anailís ar na torthaí atá bailithe ó gach ball den ghrúpa agus uaidh sin déanfar cinneadh maidir leis na chéad céimeanna eile.

Beidh ar gach ball den ghrúpa a gcuid torthaí taighde féin a chuir san áireamh mar chuid den tionscadal críochnaithe. De bharr an athraithe seo tá **uasdátú freisin déanta ar na gnéithe cáilíochta a bheidh in úsáid chun na tionscadail a mheas**. Tá na gnéithe cáilíochta le fáil ar leathanaigh 17 agus 18 sna treoirínte.

Má tá aon cheist agat maidir leis na hathruithe atá luaite thuas nó maidir le aon ghné de na treoirínte measúnaithe, téigh i dteagmháil le duine den fhoireann Staidéir Gnó.

Tá na Treoirínte Measúnaithe
uasdátaithe don Staidéir Ghnó le fáil ar



an suíomh Curriculum Ar líne ag
<http://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Business-Studies>

Suíomh Nua Idirlín an SSM

Lainseáil an SSM an dearadh nua atá déanta ar a suíomh www.jct.ie le deireanas. Ar an suíomh tá réimse leathan acmhainní agus ábhar tacaíochta ar fáil don scoil uile agus do na hábhair aonair. Sa rannán athdheartha ar an suíomh don [Staidéar Gnó](#) tá iliomad acmhainní agus ábhar tacaíochta nua ar fáil. San áireamh tá:

Príomhdhoiciméid:

http://jct.ie/leangangaeilge/business_studies/key_documents_ga

Gheobhaidh tú anseo na príomhdhoiciméid churaclaim mar aon le bileog eolais a bheadh úsáideach do sheisiún eolais do thuismitheoirí.

Nuacht / Imeachtaí:

http://jct.ie/leangangaeilge/business_studies/news_events_ga

Beidh eolas suas chun data anseo maidir leis an tSraith Shóisearach.

Ceardlann FGL:

http://jct.ie/leangangaeilge/business_studies/cpd_workshop_one_ga

Sa rannán seo gheobhaidh tú na hacmhainní ó FGL lá a haon agus a dó mar aon leis na cuir i láthair agus na leabhráin acmhainní.

Pleanáil:

http://jct.ie/leangangaeilge/business_studies/planning_first_year_ga

San áireamh sna hacmhainní pleanála tá doiciméid tacaíochta, físeáin eolais, aonaid foghlama shamplacha agus pleananna samplacha bliana chun tacú le pleanáil don teagasc, measúnú agus foghlaim.

Measúnú:

http://jct.ie/leangangaeilge/business_studies/an_overview_of_assessment_for_junior_cycle_ga

Anseo tá léargas ar an measúnú don tSraith Shóisearach ag tógáil san áireamh an cruinniú maidir le hAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) agus Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe (PGSS).

Acmhainní:

http://jct.ie/leangangaeilge/business_studies/resources_ga

Rogha físeáin eolais, acmhainní teagaisc agus foghlama chomh maith le ceachtanna samplacha atá bunaithe ar thorthaí foghlama.

Ná déanaigí dearmad an suíomh a sheiceáil go rialta de bharr go ndéantar uasdátú ar acmhainní i rith na bliana

Seimineár Gréasáin

Beidh foireann an Staidéir Ghnó ag reáchtáil seimineár gréasáin ar 18 Bealtaine do mhúinteoirí Staidéar Gnó. Beidh an seimineár gréasáin ag rith ón 7in – 8in do scoileanna Béarla agus ón 8in – 9in do scoileanna Gaeilge. Is é an aidhm atá leis an seimineár gréasáin cíoradh a dhéanamh ar Shonraíocht an Staidéir Ghnó agus beifear ag breathnú ar an gcaoi le torthaí foghlama a spíonadh amach agus le planáil do theagasc, foghlaim agus measúnú ag úsáid na dtorthaí foghlama. Táthar ag moladh go mbeadh fáil ag rannpháirtithe ar chóip do Shonraíocht an Staidéir Ghnó don seimineár gréasáin.

Is féidir clárú don seimineár gréasáin trí mheán an Bhéarla ag <https://attendee.gotowebinar.com/register/4957713705224420355> agus don seimineár gréasáin trí mheán na Gaeilge ag <https://attendee.gotowebinar.com/register/704622409121543937>. Déan teagmháil le info@jct.ie má bhíonn aon deacrachtaí nó go deimhin aon cheisteanna agat.

Mar fhocal scoir ba mhaith linn gach uile rath a ghuí oraibh d'fhuilleach na scoilbhliana agus samhradh sona séanmhar faoin ngréin daoibh nuair a thiocfaidh an t-am!



GoToWebinar

Register for English-Medium Webinar

Cláraigh don Seimineár Gréasáin

Pleananna do lá trí den FGL

Tá dearadh agus forbairt FGL lá a trí idir lámha againn. Bunaithe ar aiseolas ó cheardlann FGL lá a dó, tá tosaíochtaí áirithe aitheanta againn don lá ach bheadh muid buíoch fós as aon mholtaí breise a bheadh agaibh. Chuige sin, tá suirbhé gearr anaithnid cruthaithe againn a dtiocfaidh tú air ag <https://www.surveymonkey.com/r/BusinessStudiesdayThree>. Beidh an suirbhé seo beo go dtí 31 Bealtaine 2017.

Mar fhocal scoir ba mhaith linn gach uile rath a ghuí oraibh d'fhuilleach na scoilbhliana agus samhradh sona séanmhar faoin ngréin daoibh nuair a thiocfaidh an t-am!

Beannachtaí ón bhFoireann Staidéar Gnó

Téigh í dteagmháil linn
info@jct.ie